# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉARACHTA, 2003

## LÉANN CLASAICEACH - ARDLEIBHÉAL
**(400 marc)**

DÉ CÉADAOIN, 18 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna anseo ar DHEICH dTOPAIC.

- Tá na topaicí eagraithe i dtrí ghrúpa mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Grúpa I | : | Topaicí 1 go 4. |
| Grúpa II | : | Topaicí 5 go 7. |
| Grúpa III | : | Topaicí 8 go 10. |

- Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt faoi CHEITHRE THOPAIC mar a leanas:
  Ní mór topaic amháin a ghlacadh as **gach grúpa ar leith**, agus is féidir an ceathrú topaic a roghnú as **aon cheann** de an trí ghrúpa.

- Tá 100 marc ag dul do gach topaic.

- Tá na fótagraif, a mbíonn gá leo le ceisteanna ar Thopaicí 8 agus 10 a fhreagairt, le fáil ar pháipéar, a bhfuil **X** marcáilte air, atá ina theannta seo.

## GRÚPA 1: Topaicí 1 go 4

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta**. **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) (a) Tabhair cuntas gairid ar ról na Corainte in imeachtaí Chogadh na Peilipinéise. (40)

(b) Cén fáth a raibh an Choraint chomh namhadmhar sin leis an Aithin? (10)

(ii) (a) Rianaigh an pháirt a bhí ag an nGinearál Spartach, Brasidas, i gCogadh na Peilipinéise. (40)

(b) An tuairim gur Spartach fíor-neamhchoitianta ab ea é, a phlé. (10)

(iii) "Maidir leis an gcogadh agus leis na hacmhainní a bhí ar fáil do gach taobh, ba mhaith liom go n-éistfeadh sibh le mionchuntas orthu sin agus a thuiscint nár sinne an taobh ba laige." (Túicididéas, *Stair Chogadh na Peilipinéise*)

(a) Déan achoimre ar chuntas Pheiricléas ar neart na nAithneach agus ar laige na Spartach díreach sular thosaigh an cogadh. (40)

(b) An bhfuil tú ag teacht leis an tuairim go raibh an Aithin níos treise an tráth sin? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(iv) "Éilím nár lú an meas a bheadh ag aon duine agaibh orm, ainneoin teist an ghrá dom thír féin a bheith orm má théim leis na naimhde is binbí aici anois, á hionsaí." (Túicididéas, *Stair Chogadh na Peilipinéise*)

(a) Cén chaoi a ndearna Alcibiadéas cosaint ar aistriú ó thaobh na hAithine go taobh Sparta, agus cén chomhairle ar imeachtaí an chogaidh a chuir sé ar na Spartaigh? (40)

(b) Cén tuairim atá agat d'iompar Alcibiadéas an uair sin? (10)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) "Meamnón an t-aon ghinearál den chéad scoth a bhí ag Dáirias san Áise Bheag, agus bhí an t-ádh dearg ar fad le hAlastar nuair a ghlan sé chun siúil." (Green)
Pléigh an ráiteas seo i bhfianaise a ndearna Meamnón Ródas sa chosaint Pheirseach in aghaidh Alastair. (50)

(ii) In imeacht roinnt bheag blianta, bhí Alastar freagrach i mbás roinnt pearsan sinsearach, Parmenio, Philotas, Cleitus agus Callisthenses ina measc.
Cén insint a thugann a mbás siúd ar Alastar, agus ar an atmaisféar sa champa Macadónach freisin an tráth sin?
**Ba chóir d'iarrthóirí freagraí ginearálta a thabhairt ar na himeachtaí seo agus gan mionchuntas a thabhairt ar bhás na bpearsan**. (50)

(iii) "An eachtra is tubaistí ar fad ina shaol" a deirtear le fásach na Geadróise a thrasnáil ag Alastar.

(a) Tabhair cuntas ar na deacrachtaí a bhí ag Alastar agus ag an arm le linn na trasnála, agus ar an gcaoi ar tháinig siad tríd ar deireadh. (40)

(b) Cén chuid den mhilleán a bhí ar Alastar, dar leat, mar gheall ar an tubaist seo? (10)

`(iv) (a) Cén chaoi a raibh Alastar i dtuilleamaí a athar, Pilib, dar leat? (25)

(b) Pléigh an caidreamh éiginnte mothálach a bhí ag Alastar lena athair, Pilib, agus tú ag déanamh tagairtí do Phlútarc agus d'Arrian **araon**. (25)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) (a) Céard iad na cúiseanna is mó atá ag Ciceáró in aghaidh Marcus Antonius, sa sliocht as an aitheasc *I gCoinne Antonius* atá ar do chúrsa? (40)

(b) Céard a mheasann tú den mheon a nochtann Ciceáró i leith Iúil Chaesair sa sliocht seo? (10)

(ii) (a) Mínigh an dainséar mór a bhain leis na píoráidí le linn na tréimhse sa Phoblacht Dhéanach. (15)

(b) Cén chaoi ar chloígh Poimpéas an bhagairt seo? (25)

(c) Céard iad na tréithe a léirigh Poimpéas san eachtra seo? (10)

(iii) "Nuair a tugadh scéala báis d'iníne, Tullia, dom, bhí oiread dobróin is trí chéile orm agus ba chóir a bheith, gan amhras."

(a) Céard iad na pointí atá déanta ag Sulpicius Rufus ina litir chomhbhróin chuig Ciceáró? (40)

(b) Ar chabhraigh an litir seo le Ciceáró i lár a dhobróin, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(iv) Ginearál mór agus fear a raibh tallanna suntasacha aige i réimsí eile chomh maith ba ea Caesar.

Déan trácht ar an measúnú seo ar Chaesar. (50)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómanacha. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) (a) Tabhair cuntas ar pháirt Livia i saol a fir chéile Ágastas, agus a mic Tibéirias. (40)

(b) An measann tú go gcaitheann Tacitus go cothrom léi? (10)

(ii) Déan plé ar an tuairim go bhfuil cuntas an-drámatúil againn ó Tacitus ar réimeas na n-impirí luatha, ach gurb é Suetonius a thugann cuntas dealraitheach dúinn orthu mar dhaoine. (50)

(iii) Bunaithe ar an léamh atá déanta agat ar Tacitus agus ar Suetonius, déan anailís ar charachtar an Impire Néaró. (50)

(iv) Útamálaí lag a ndéantar ceap magaidh de uaireanta is ea Claudius. Cén fhianaise atá san ábhar éigeantach (agus inscríbhinní san áireamh), nach bhfuil an íomhá sin de Chlaudius iomlán? (50)

---

**GRÚPA II: Topaicí 5 go 7**

## Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach. [100]

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) Déan plé ar ról an chóir i ndráma Aescaileais *Proiméitéas faoi Laincis*. Déan tagairt i do fhreagra do mheon an chóir i leith Proiméitéais féin, dá réabhlóid in aghaidh Zeus, agus dá phionós. (50)

(ii) (a) Déan trácht ar an bportráidiú den dia Diníseas sa dráma *Froganna* le hArastafainéas. (40)

(b) Céard a insíonn an portráidiú seo dúinn faoin meon a bhí ag Aithnigh na haimsire sin i leith a gcuid déithe? (10)

(iii) Cén chaoi a n-éiríonn le hEoraipaidéas a chur ina luí orainn go bhféadfaidh an mháthair ghrámhar, Medea, a cuid páistí féin a mharú? (50)

(iv) Agus an fhírinne á nochtadh diaidh ar ndiaidh in *Éideapús Rí* le Sofaicléas, cuirtear an cor is tábhachtaí ar fad sa dráma nuair a luann Jocasta bás Laius "san áit a dtagann trí bhóthar le chéile."

An tuairim seo a phlé.

(50)

---

## Topaic 6. An Eipic Ársa. [100]

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) Déan comparáid idir láimhseáil an chomhraic aonair idir Cúchulainn agus Ferdia sa *Táin* leis an gcomhrac idir Aeinéas agus Turnas san *Aeinéid* le Veirgil. (50)

(ii) (a) Ón léamh atá déanta agat ar Leabhair 7-12 den *Aeinéid* le Veirgil, céard a mheasann tú de Turnas? (40)

(b) Cén fhianaise atá ann gur mhaith le Veirgil go mbeadh comhbhá againn le Turnas? (10)

(iii) Céard iad na príomh-chosúlachtaí, agus na héagsúlachtaí is mó, idir aistir Odaiséais san *Odaisé* agus aistir Aeinéais san *Aeinéid*? (50)

(iv) I ndomhan éiginnte an *Odaisé*, is iad tréithe na dílseachta agus an leanúnachais is mó a mbíonn urraim dóibh agus a dhéantar a chúiteamh: an pionós dian a leanann a malairt.

An ráiteas seo a phlé. (50)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) "Tá an Chéadghin den Aois Nua ar a shlí cheana féin ó arda neimhe síos chun na cruinne." (Veirgil, *Eaclóg IV)*

(a) Tabhair cuntas ar chosúlacht an domhain seo mar a bheidh sé san Aois Nua. (25)
(b) An dteastaíonn ó Veirgil go nglacfaimis scun scan leis an bhfís seo aige den Aois Nua, meas tú? (10)
(c) Cé acu eachtraí in aimsir Veirgil a bhfuil macalla díobh sa dán seo? (15)

(ii) (a) I *Horatius ar an Droichead* le Livias, céard iad na bearta ar ghlac an Seanad leo chun dílseacht na saoránach bocht a dheimhniú in aghaidh an ionsaithe a bhí á bhagairt ag Lars Porsenna? (20)
(b) Cén chaoi a n-éiríonn le Livias an scéal fíordhrámatúil seo a dhéanamh de tharrtháil na Róimhe ag Horatius? (20)
(c) Céard iad na ceachtanna a theastaigh ó Livias a bhainfeadh a chuid léitheoirí Rómhánacha as an scéal seo, dar leat? (10)

(iii) Ón léamh atá déanta agat ar dhánta Óivid ar an gcúrsa, an nglacann tú leis go bhfuil léargas domhain ar mhná ina chuid filíochta? (50)

(iv) Ón staidéar atá déanta agat ar fhilíocht Horáit, cén fhianaise atá agat ar mothúcháin Horáit don dúlra? (50)

---

**GRÚPA III: Topaicí 8 go 10**

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) Déan staidéar ar **Fhótagraif A** agus **B** ar Pháipéar **X.**

(a) Cén t-ainm Gréagach atá ar na dealbha seo de na hógánaigh ina seasamh? (5)
(b) Cén chaoi a mbeadh fhios agat gur ón Ré Ársa sa dealbhóireacht Ghréagach a tháinig an dá dhealbh seo araon? (20)
(c) Bain úsáid as an dá dhealbh seo agus léirigh an fhorbairt atá tagtha ar an dealbhóireacht le linn an 100 bliain idir **A** agus **B**. (25)

(ii) Déan staidéar ar an vása a thaispeántar i **bhFótagraf C** ar Pháipéar **X.**

(a) Cén t-ainm atá ar chruth an vása seo? (5)
(b) Ainmnigh an t-ealaíontóir a chruthaigh agus a phéinteáil an vása seo. Cén chaoi a bhfuil a ainm ar eolas againn? (10)
(c) Cé hiad an dá charachtar a thaispeántar ar an vása? (10)
(d) Déan trácht ar ráiteas Richter: "Tá saibhreas mór mionsonraí sna radharcanna agus iad péinteáilte i stíl ghalánta fhuinniúil." (25)

(iii) Déan staidéar ar an dealbh a thaispeántar i **bhFótagraf D** ar Pháipéar **X.**

(a) Céard a thugtar ar dhealbha dá leithéid, agus cén fáth ar cuireadh in airde iad in áiteanna poiblí? (10)
(b) Cén tréimhse sa dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)
(c) Déan trácht ar na buanna ealaíonta atá ag dealbhóir na deilbhe seo. (25)

(iv) Taispeánann **Fótagraf E** ar **Pháipéar X** plean Theampall Hera ag Paestum. Taispeánann **Fótagraf F** plean Theampall Apolló ag Didyma.

(a) Ainmnigh an t-ord ailtireachta inar tógadh **E** agus an t-ord ailtireachta inar tógadh **F.** (10)
(b) Céard iad na cúiseanna a bheadh agat leis an tuairim gur tógadh Teampall **F** i bhfad níos déanaí ná Teampall **E**? (10)
(c) Bain úsáid as na téarmaí ailtireachta cuí agus déan cur síos ar an dá theampall. (30)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraiteas agus ar Phlatón. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) (a) Rianaigh na cúiseanna a thugann Platón sa *Seachtú Litir* aige chun dul go Sioracúisé den chéad uair. (30)

(b) Déan achoimre ar an gcomhairle a thugann Platón do lucht leanúna Dion, sa litir seo. (20)

(ii) Déan plé ar an tuairim gurb í an eochair do theoiric an Stáit Idéalaigh ag Platón, ná speisialtóireacht. (50)

(iii) (a) Mar chuid de chóras oideachais Phlatón, céard iad na cineálacha ceoil a ndiúltaíonn sé dóibh, agus na cineálacha a bhfuil glacadh aige leo? Cén bunús atá aige lena rogha? (40)

(b) An bhfuil tú den tuairim go mbíonn tionchar ag an gcineál ceoil a n-éistimid leis ar ár gcarachtar agus ar ár gcuid iompair?
Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(iv) Tabhair cuntas ar Samhail na hUaimhe ag Platón, agus ar an míniú atá déanta aige ar an mbrí atá leis. (50)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhanach. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) Taispeánann **Fótagraf G** ar Pháipéar **X** plean bhaile Pompeii.

(a) Sainaithin na gnéithe atá marcáilte *a, b, d* agus *e*. (16)

(b) Tabhair cuntas ar an mbaile mar a thaispeántar é sa phlean. (20)

(c) Taispeáin an chaoi a léiríonn an plean forbairt an bhaile óna bhunús seanda. (14)

(ii) Taispeánann **Fótagraf H** ar Pháipéar **X** pictiúr ealaíne ó Herculaneum.

(a) Cén stíl i bpéintéireacht Phompeii a mbaineann an pictiúr ealaíne seo léi? (5)

(b) Cén fáth a mbeadh a leithéid de phictiúir péinteáilte ag na Rómhánaigh ar bhallaí seomraí? (10)

(c) Déan trácht ar ráiteas Wheeler: “Tagann an maisiú ailtireachta fíorchasta, mionsaothraithe ón amharclann ní foláir.” (25)

(d) Déan trácht ar láimhseáil na peirspictíochta ag an ealaíontóir sa phictiúr ealaíne seo. (10)

(iii) Taispeánann **Fótagraf I** ar Pháipéar **X** na cheithre bhanda thosaigh ar Cholún Tráiain sa Róimh.

(a) Déan cur síos go hachomair ar na gníomhaíochtaí san dá bhanda ar bhun an fhótagraif. (15)

(b) Cén fáth ar foinse staire fíorthábhachtach an séadchomhartha seo? (10)

(c) Déan trácht ar ráiteas Wheeler: “Stair rianaithe timpeall ar aon ghaiscíoch amháin atá ann.” (15)

(d) Déan trácht ar pheirspictíocht sa séadchomhartha seo. (10)

(iv) Taispeánann **Fótagraf J** ar Pháipéar **X** an Colosseum sa Róimh, ón taobh amuigh. Taispeánann Fótagraf **K** an taobh istigh.

(a) Cén cineál siamsaíochta a bhíodh anseo? (5)

(b) Tabhair cuntas **iomlán** ar an Colosseum, ón taobh amuigh. (30)

(c) Déan trácht ar úsáid na háirse istigh sa Colosseum. (15)

# Leathanach Bán

**Leathanach Bán**